Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13918/25
ADD 1

COH 189
SOC 659
CADREFIN 252
POLGEN 159

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an meastóireacht ar REACT-EU |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 634 final - IARSCRÍBHINNÍ.

---

Encl.: COM(2025) 634 final - IARSCRÍBHINNÍ

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2025
COM(2025) 634 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

*a ghabhann leis an*

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir leis an meastóireacht ar REACT-EU**

# Iarscríbhinn I: Torthaí meastóireachta náisiúnta REACT-EU sampláilte

**Achoimre ar mheastóireachtaí náisiúnta REACT-EU (nó ar mheastóireachtaí géarchéime)**

| Tír / meastóireacht | Éifeachtacht | Éifeachtúlacht | Ábharthacht | Comhleanúnachas | Breisluach AE / Eile |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Bheilg (an Vallúin)**<br>*Meastóireacht ar rannchuidiú ais tosaíochta 8 REACT-EU de chlár oibríochtúil CFRE 2014-2020 'an Vallúin-2020.EU'*<br>*(CCI 2014BE16RFOP003)* | Trí bhonneagar ospidéil a oiriúnú agus trí infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh leighis agus in ábhar a chistítear trí REACT-EU, cuireadh feabhas ar fhreagairt na saoráidí cúraim sláinte ar riachtanais agus méadaíodh a n-athléimneacht. Ba iad trealamh ceannródaíoch a sholáthar agus taighdeoirí sláinte a chistiú na hionstraimí cearta chun riachtanais a chomhlíonadh.<br>Le bainistiú láraithe na mbeart a bhaineann leis an tsláinte, bhíothas in ann mapáil chuimsitheach a dhéanamh ar na hacmhainní a bhí ar fáil, rud a thug forbhreathnú ar bhainistiú géarchéime amach anseo.<br>Tháinig méadú ar aibíocht dhigiteach FBManna, go háirithe i gcás micrifhiontar, rud a d'éascaigh a nglacadh le hardréitigh dhigiteacha agus a d'fheabhsaigh a n-iomaíochas agus a n-athléimneacht ar an gcaoi sin.<br>Chuir tacaíocht do FBManna agus iad ag aistriú chuig geilleagar fuinneamhéifeachtúil le laghdú measta ar thomhaltas fuinnimh agus ar astaíochtaí $CO_2$ agus le méadú measta ar tháirgeadh fuinnimh ó acmhainní in-athnuaite. | Le bainistiú láraithe na mbeart a bhaineann leis an tsláinte, bhíothas in ann riachtanais na n-institiúidí sláinte a réamh-mheas ar bhealach níos fearr agus dáileadh trealaimh a bharrfheabhsú.<br>Ar an gcuma chéanna, cuireadh an beart atá spriocdhírithe ar an aistriú chuig geilleagar glas chun feidhme trí eintiteas dlítheanach a fheidhmíonn mar thairbhí díreach aonair, a chuir tacaíocht airgeadais ar fáil do FBManna, i.e. os cionn 500 iasacht chun bearta fuinneamhéifeachtúil a chur chun feidhme.<br>D'eascair dúshláin as na sprioc-amanna cur chun feidhme réasúnta gearr, amhail moilleanna ar thionscadail a chur chun feidhme (as ar eascair freisin tearcúsáid an bhuiséid a bhí ar fáil i gcásanna áirithe), saincheisteanna soláthair phoiblí agus an t-ualach riaracháin.<br>Aimsíodh neamhshiméadracht idir bearta sa mhéid go raibh na torthaí a gineadh comhréireach leis an mbuiséad agus leis na modhanna infheistíochta. | Dheimhnigh formhór na dtairbhithe a bhí páirteach sa suirbhé meastóireachta gur thug REACT-EU tacaíocht iomlán (49 %) nó go leordhóthanach (37 %) dá riachtanais. Cé gur comhlíonadh formhór na riachtanas bonneagair sláinte, freastalaíodh ar chuid acu ar bhonn níos lú mar gheall ar neamhábaltacht roinnt feabhsuithe bonneagair a chur i gcrích.<br>Bhí ról ag REACT-EU san aistriú fuinnimh trí dhul chun cinn a spreagadh i dtaighde agus i bhforbairt teicneolaíochtaí glasa, agus cuideachtaí agus institiúidí a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh agus réitigh fuinnimh atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a chomhtháthú. | Bhí REACT-EU comhlánaithe agus ailínithe le haiseanna tosaíochta eile an chláir trí acmhainní breise a sholáthar chun dlús a chur le cur chun feidhme na dtosaíochtaí a bhí ann cheana agus bearta nua á dtabhairt isteach san am céanna chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha a bhaineann leis an ngéarchéim sláinte.<br>Go cothrománach, bhí sé d'aidhm ag REACT-EU rannchuidiú le príomhthosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus forbairt inbhuanaithe. | Bhí ról ríthábhachtach ag REACT-EU maidir le tacaíocht airgeadais bhreise a sholáthar do chláir chomhtháthaithe na mBallstát. Bhí sé d'aidhm ag an ais tosaíochta sin tacaíocht bhreise a sholáthar chun athléimneacht na ngeilleagar réigiúnach a neartú agus chun cuidiú leo téarnamh ón ngéarchéim. |
| **an tSeicia**<br>*Meastóireacht théamach a d'eascair as sin ar Chomhaontú Comhpháirtíochta 2014-2020 - EO 6: Meastóireacht ar úsáid leithdháileadh breise REACT-EU*<br>*(CCI 2014CZ16RFOP002)* | Rinne REACT-EU rannchuidiú leis na seirbhísí cúraim sláinte, an t-ábhar agus an trealamh in ospidéil agus i saoráidí/saotharlanna sláinte a uasghrádú chomh maith leis an gcóras tarrthála comhtháite a nuachóiriú, rud a d'fhág go raibh feabhas ar cháilíocht na seirbhísí cúraim sláinte.<br>Baineadh úsáid as tacaíocht REACT-EU chun costais oibriúcháin na seirbhísí sóisialta a laghdú trí infheistíocht a dhéanamh i gcoigilteas fuinnimh i bhfoirgnimh agus trí úsáid mhéadaithe a bhaint as feithiclí leictreacha, rud a chuireann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na seirbhísí. Chuir an tacaíocht sin go páirteach le cuid de na hinfheistíochtaí fadtéarmacha a bhí beartaithe. | Tráth na meastóireachta, bhain athruithe ar ghníomhaíochtaí den chuid is mó leis na hinfheistíochtaí a bhain leis an tsláinte mar gheall ar chur chun feidhme leanúnach (e.g. laghdú ar oibreacha foirgníochta i bhfabhar trealamh a cheannach).<br>I gcás tionscadail nár cuireadh i gcrích iad nó nach ndearnadh nósanna imeachta tairisceana orthu, bhí riosca ann go dtiocfadh méadú nach beag ar an mbuiséad i gcomparáid leis an iarratas tosaigh. Tharla sé sin mar gheall ar an méadú géar ar phraghsanna agus ar rátaí úis idir iarratas a dhéanamh ar thacaíocht agus na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme. | Glaonna REACT-EU arb é b'aidhm dóibh athléimneacht na Seice agus a réigiún in aghaidh géarchéimeanna a neartú. Ina theannta sin, thacaigh na tionscadail le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na seirbhísí a soláthraíodh agus athléimneacht in aghaidh rioscaí fisiciúla agus digiteacha. | Cuireadh tacaíocht REACT-EU ar fáil do thairbhithe ó 223 bhardas ar fud réigiúin uile na Seice, rud a d'áirithigh claochlú críochach níos cothroime. | Chuir tacaíocht REACT-EU ar a gcumas do thairbhithe seirbhísí ardcháilíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, seirbhísí nárbh fhéidir a chur chun feidhme go hiomlán gan tacaíocht REACT-EU mar gheall ar easpa cistithe. Dúirt níos mó ná leath na dtairbhithe nach mbeadh na hinfheistíochtaí sa bhonneagar sóisialta déanta acu gan an chabhair. |
| **an Danmhairg**<br>*Cumhdaítear leis an meastóireacht an clár Gnó arna chistiú ag tionscnamh REACT-EU na Danmhairge. Tá clár gnó REACT-EU comhdhéanta de* | D'éirigh na cuideachtaí ar tacaíodh leo níos láidre agus níos inoiriúnaithe agus neartaigh siad a gcumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo, de réir mar a d'éirigh siad níos ullmhaithe d'éilimh amach anseo – i dtéarmaí custaiméirí, iomaíochta, na sochaí agus a slabhraí luacha. Chuir an clár ar a gcumas dóibh a fhorbairt níos mó agus níos tapúla ná mar a dhéanfaidís murach | Bhí sé éasca REACT-EU a chur chun feidhme, agus bhí éileamh láidir ar a chistí le linn thréimhse an chláir. D'éirigh leis an gclár gnó pointe iontrála aonair a chruthú do roinnt mhaith seirbhísí. Mar sin féin, d'fhéadfaí comhleanúnachas níos fearr a chruthú idir snáitheanna an chláir gnó, go háirithe i dtéarmaí | Bhí rian 'Digiteach' FBM ábhartha do chuideachtaí chun ceann de na conairí eile a thosú nó a chomhlánú. Bhí an ghníomhaíocht aonaigh trádála a fuair tacaíocht ón mbeart 'Onnmhairiú' FBM ábhartha go háirithe do roinnt cuideachtaí beaga. Is cosúil gur ranníocaíocht mhór airgeadais do | D'fhéadfaí leas a bhaint as idirghníomhaíocht idir bearta CFRE agus CSE ar bhealach níos fearr, d'ainneoin a gcomhlántachta do ghnólachtaí. | - |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *cheithre thionscnamh neamhspleácha (rianta).*<br><br>*(2014DK16RFOP001; 2014DK05SFOP001)* | sin. Bhí sé sin fíor go háirithe sa tréimhse tar éis COVID-19, nuair a tháinig roinnt tionscnamh forbartha chun stad i gcuideachtaí agus bhí an fonn riosca a bhí orthu íseal.<br><br>Mar sin féin, i rianta áirithe de na cláir ar tacaíodh leo, lorg roinnt rannpháirtithe deontais a bhí rómhór nó lorg siad an iomarca deontas agus ní raibh siad in ann na tionscadail a chur chun feidhme ná na cistí a úsáid, rud a d'fhág go raibh riaráistí móra ann. Bhí na comhairleoirí éifeachtach maidir le cuideachtaí a earcú, ach ní raibh siad chomh héifeachtach sin ó thaobh iad a threorú ar fud na dtionscadal, agus ní raibh na treoirlínte soiléir go leordhóthanach i gcónaí. | an phróisis iarratais, na gceanglas agus na gcritéar chun glacadh a éascú.<br><br>Fuair roinnt cuideachtaí go raibh an doiciméadacht fadálach casta, rud a chuir bacainn ar chur chun feidhme an tionscadail. | chuideachtaí é an beart 'Glas' FBM, agus sholáthair scéim 'Píolótach Fáis' FBM cistiú ábhartha do chuideachtaí de réir mar a tháinig an gá chun cinn. | | |
| **an Fhionlainn**<br><br>*Meastóireacht ar bhearta REACT-EU arna maoiniú faoin gclár oibríochtúil 'Fás inbhuanaithe agus poist 2014-2020'*<br><br>*(CCI 2014FI16M2OP001)* | Baineadh úsáid as cistiú REACT-EU chun an damáiste a rinne paindéim COVID-19 a dheisiú. Thacaigh sé le fiontraithe agus le cuideachtaí, rud a neartaigh inniúlacht cuideachtaí, a chuir cosc ar dhífhostaíocht agus a chuir feabhas ar staid na bhfostaithe sa mhargadh saothair. Chuidigh na tionscadail freisin le feabhas a chur ar scileanna digiteacha na rannpháirtithe agus ar a n-ionchais fostaíochta. Ina theannta sin, bhí siad in ann freisin cumas cuideachtaí a neartú chun athrú agus coigeartú solúbtha a dhéanamh ar bhealach réamhghníomhach.<br><br>Cuireadh an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn trí thionscadail lena ndéantar teicneolaíocht agus próisis táirgthe cuideachtaí a athchóiriú, inniúlachtaí agus cumais a fhorbairt, infheistíochtaí a chur chun feidhme, faisnéis mhargaidh nua a tháirgeadh agus táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt. | Bhí an sásra seachadta le haghaidh chistiú REACT-EU éifeachtúil mar gheall ar an tsamhail bhainistíochta agus struchtúir na gclár a bhí ann cheana. Rinneadh an cistiú breise a chomhtháthú go rathúil i gclár CFRE a bhí ann cheana, cé go raibh struchtúir dhochta an chláir ina mbacainní go hócáideach.<br><br>Gan amhras, chuir an tréimhse ghearr cur chun feidhme dúshlán roimh an éifeachtacht. Mar sin féin, le húsáid córas bunaithe agus cur chuige solúbtha, bhíothas in ann gníomhaíocht a dhéanamh go tapa.<br><br>Bhí úsáid na gcóras TF agus na modhanna oibriúcháin a bhí ann cheana sa chlárthréimhse 2014-2020 úsáideach go háirithe chun an cistiú a riar. | Bhí na torthaí a baineadh amach trí chistiú REACT-EU ábhartha agus tráthúil, agus thug siad aghaidh ar riachtanais nua a cruthaíodh de bharr phaindéim COVID-19. Mar sin féin, chuir úsáid mhórscála an bheartais comhtháthaithe le haghaidh géarchéimeanna tobanna i dtábhacht go raibh gá le níos mó solúbthachta inmheánaí.<br><br>Bhí an cistiú breise ríthábhachtach do réigiúin agus do thionscail i ndeisceart agus in iarthar na Fionlainne, arb iad is mó a ndearna an phaindéim difear dóibh. | D'fhan cistiú REACT-EU ailínithe le spriocanna agus loighic oibríochtúil bhunaidh an chláir.<br><br>Chuidigh REACT-EU leis an mbearna idir na sean-chlárthréimhsí agus na clárthréimhsí nua a dhúnadh i dtéarmaí cistithe agus seoladh gníomhaíochtaí tionscadail nua. | Sholáthair an ionstraim breisluach substaintiúil nach bhféadfaí a bhaint amach trí ionstraimí náisiúnta amháin. Bhí an pheirspictíocht ama ríthábhachtach, le cistiú REACT-EU spriocdhírithe ar fhorbairt fhadtéarmach agus thug fóirdheontais náisiúnta aghaidh ar ghéarchéimeanna láithreacha sreabhaidh airgid.<br><br>Gan cistiú REACT-EU, bheadh scála na tacaíochta do dheisceart agus d'iarthar na Fionlainne i bhfad níos lú. |
| **an Ghearmáin**<br><br>*Meastóireacht ar bhearta arna gcistiú ag REACT-EU faoin gclár oibríochtúil 'CFRE na Réine agus an Phalaitíneacht 2014-2020'*<br><br>*(CCI 2014DE16RFOP010)* | *Taighde, forbairt agus nuálaíocht*: Baineadh amach príomhchuspóirí amhail teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus cumas nuálaíochta a chothú. Rannchuidigh REACT-EU le tacaíocht fostaíochta, le claochlú digiteach, agus le cobhsaíocht an gheilleagair.<br><br>*Scileanna atá dírithe ar an teicneolaíocht*: Tionscadail taighde atá dírithe ar an tsláinte, ar an mbith-theicneolaíocht agus ar an gclaochlú glas. Bhí níos mó ná 70 % de na tionscadail uile dá dtugtar tacaíocht faoi ais tosaíochta 1 sna hinfheistíochtaí sin faoi REACT-EU agus rannchuidigh siad leis an mbearna i bhfeidhmíocht taighde, forbartha agus nuálaíochta (TFN) idir Dúiche na Réine agus an Phalaitíneacht agus an meán feidearálach a laghdú.<br><br>An turasóireacht: Chuir infheistíochtaí REACT-EU feabhas ar iomaíochas FBManna | Is féidir a mheas go bhfuil an líon oibríochtaí formheasta le haghaidh beagnach gach beart leordhóthanach. Dúshlán a bhí sa tréimhse ghearr don chur chun feidhme agus níorbh fhéidir roinnt tionscadal a chur chun feidhme laistigh den tréimhse ama fhorordaithe.<br><br>Mheas páirtithe leasmhara gur chuir úsáid na straitéisí, na n-iarratas tionscadail agus na gclár cistiúcháin a bhí ann cheana éifeachtúlacht chun cinn. Chuaigh na páirtithe leasmhara uile i gcomhar go maith agus léirigh siad freagrúlacht thapa.<br><br>An tráth céanna, sainaithníodh feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh i dtéarmaí cumarsáid níos soiléire agus pleanáil bhuiséadach níos fearr. Tuairiscíodh go raibh dúshlán ag baint le staid dhoiléir eisíocaíochta chistiú REACT-EU, go háirithe eisíocaíocht in dhá thráinse. Sa réimse TFN, bhí i bhfad níos mó iarratas ann faoi REACT-EU i gcomparáid le gnáthchlár CFRE | Rannchuidigh REACT-EU leis an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna agus le téarnamh an gheilleagair agus páirtithe leasmhara sochaíocha eile. | Chomhtháthaigh tionscadail go maith i gcuspóirí straitéiseacha réigiúnacha agus mar thoradh air sin rannchuidigh siad le cuspóirí straitéiseacha náisiúnta. Maidir le cuspóirí trasearnálacha, is minic a mheastar go rannchuidíonn nuálaíochtaí teicneolaíochta leis an inbhuanaitheacht, agus cuireann tionscadail a bhaineann le hearnáil na turasóireachta go mór le comhionannas deiseanna, le neamh-idirdhealú agus le cuimsitheacht. Glacadh leis sa mheastóireacht freisin go raibh rannchuidiú an-mhór leis an bhforbairt inbhuanaithe i dtéarmaí chosaint na haeráide agus an chomhshaoil. | - |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | turasóireachta agus chobhsaigh siad feidhmíocht eacnamaíoch earnáil na turasóireachta.<br>*Cuspóirí aeráide*: Sholáthair REACT-EU tacaíocht do thionscadail taispeántais le haghaidh coigilteas $CO_2$ agus acmhainní i gcuideachtaí agus i mbardais. | (mar gheall ar rátaí cómhaoinithe níos airde is dócha). Mar sin féin, b'éigean thart ar leath de na hiarratais a dhiúltú mar, go réalaíoch, ní dócha go mbeadh siad indéanta. | | | |
| **an Ungáir**<br>*Meastóireacht ar bhearta REACT-EU faoi na cláir oibríochtúla 'Forbairt Acmhainní Daonna', 'Forbairt Eacnamaíoch agus Nuálaíocht' agus 'Éifeachtúlacht Chomhshaoil agus Fuinnimh' (EFOP, GINOP, KEHOP), 2014-2020*<br>*(CCI 2014HU05M2OP001; CCI 2014HU16M0OP001; CCI 2014HU16M1OP001)* | Ní fhéadfaí ach measúnú páirteach a dhéanamh ar éifeachtacht na scéimeanna chun cuidiú leis na torthaí sláinte a bhainistiú le linn phaindéim COVID-19, toisc go raibh formhór na dtionscadal dírithe ar aisíocaíocht *ex post* ar chaiteachas a maoiníodh roimhe sin leis an mbuiséad náisiúnta. Mar thoradh air sin, bhí sé deacair a dtionchar a chainníochtú, cé go raibh na costais a gearradh ina dhiaidh sin ar chistí an Aontais an-tairbheach don airgeadas poiblí.<br>Bhí sé d'aidhm ag na tionscadail éifeachtaí diúltacha eacnamaíocha agus margaidh saothair na paindéime a mhaolú. Fuair fiontair tacaíocht chun a gcuid fostaithe a fhorbairt agus a choinneáil. I gcás fóirdheontais phá coinneála poist, coinníodh 361 051 phost san iomlán faoi thionscadail a cistíodh trí REACT-EU. Ba é an éifeacht dhearfach ba mhó dul chun cinn agus dlús a chur leis an digitiú. | D'ainneoin roinnt nósanna imeachta brostaithe a thabhairt isteach, bhí digitiú neamhiomlán an riaracháin phoiblí agus idirnascadh córas TF éagsúil ina mbacainn ar éifeachtúlacht. | Bhí fócas láidir earnála ag na bearta paindéime a cistíodh trí REACT-EU agus níor ghá go ndíreodh siad ar dhifríochtaí críochacha ná nár thug siad aghaidh orthu.<br>Ní raibh na deiseanna chun rochtain a fháil ar réitigh dhigiteacha agus ar theilea-obair comhionann i ngach grúpa sóisialta, rud a d'fhéadfadh cur leis na héagothromaíochtaí sóisialta, réigiúnacha agus institiúideacha a bhí ann cheana, chomh maith leis an riosca go bhfágfaí an scoil go luath. | | Dúirt 8 % de na gnólachtaí a fuair tacaíocht agus a áiríodh sa suirbhé meastóireachta go rachadh siad ina bhféimheach tar éis na paindéime gan tacaíocht REACT-EU agus gur 'tarrtháil' an tacaíocht a soláthraíodh. |
| **Éire**<br>*Meastóireacht ar REACT-EU*<br>*(CCI 2014IE16RFOP001; CCI 2014IE16RFOP002)* | In Éirinn, bhí ról criticiúil ag tionscnamh REACT-EU in earnáil an oideachais, rud a d'fhág gur féidir scoileanna a athoscailt go sábháilte, le linn na bliana acadúla 2021/2022.<br>Bhí ról ag an tacaíocht airgeadais sin chun cuidiú le scoileanna aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta agus mhothúchánacha a bhaineann le dúnadh, amhail ath-imeascadh sóisialta, dúshláin shíceolaíocha agus riachtanais speisialta bhreise na ndaltaí.<br>Chuir an ciste go mór le hathléimneacht chóras oideachais na hÉireann:<br>• Feabhsuithe bonneagair / bearta sláinte agus sábháilteachta<br>• Ullmhacht nós imeachta agus foirne / téarnamh sóisialta<br>• Cothromas in athléimneacht / tacaíocht do ghrúpaí leochaileacha.<br>Measadh go forleathan go raibh an tacaíocht a soláthraíodh costéifeachtach: D'aontaigh 73 % de na freagróirí ar fud gach cineál scoile agus thug 77 % de scoileanna speisialta le fios nach bhféadfaí athoscailt a dhéanamh gan an cistiú. | Bhí éagsúlacht sna leithdháiltí cistiúcháin ar fud na mblianta acadúla agus na gcineálacha scoile, agus fuair bunscoileanna an sciar is mó den chistiú, agus bhí an caiteachas in aghaidh an mhic léinn níos airde le haghaidh iar-bhunscoileanna, rud a léirigh riachtanais oibríochtúla.<br>I measc na ndúshlán bhí neamhéifeachtúlachtaí sa soláthar, le tuairiscí ar phraghsáil ró-ard agus ar phróisis a raibh ualach trom ag baint leo. Mhol scoileanna go bhféadfadh foinsiú láraithe éifeachtúlacht a fheabhsú agus strus ar riarthóirí scoile a laghdú.<br>Léirigh sonraí suirbhé go raibh 81 % sásta le tráthúlacht an chistithe. Luaigh roinnt freagróirí go raibh moilleanna ar chur chun feidhme tosaigh, rud a chuir leis an strus a bhí ar cheannairí scoile le linn an phróisis athoscailte. | Léirigh sonraí an tsuirbhé meastóireachta gur mheas formhór na scoileanna go raibh an cistiú criticiúil, agus d'aontaigh siad gur chomhlíon na hacmhainní a riachtanais. Léirigh sonraí an tsuirbhé freisin dearcadh dearfach ar leithdháileadh acmhainní thar chineálacha éagsúla scoile. Chuir na freagróirí i dtábhacht a thábhachtaí atá tacaíocht leanúnach chun iarmhairtí fadtéarmacha na paindéime do scoileanna faoi mhíbhuntáiste a mhaolú. | Cé nach príomhfhócas é an ciste, thacaigh sé le gnéithe de sprioc ghlas agus dhigiteach an Aontais.<br>Cé go ndearnadh uasghráduithe aerála lena n-ionchorpraítear teicneolaíochtaí fuinneamhéifeachtúla a ailíniú le spriocanna inbhuanaitheachta, ní raibh na hiarrachtaí sin mar chuid de straitéis chuimsitheach.<br>Cuireadh i dtábhacht san anailís mheastóireachta tionchar an chiste ar chothromas agus rochtain san oideachas a chothú. Bhí ról lárnach ag an gclár Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais oideachais le linn na paindéime. | - |
| **an Iodáil**<br>*Meastóireacht ar na bearta arna maoiniú ag REACT-EU faoi ais tosaíochta 6 de chlár* | A mhéid a bhaineann le staid dul chun cinn na n-infheistíochtaí aonair, sainaithníodh na dúshláin seo a leanas: | Comhlíonadh na riachtanais a sainaithníodh sa chéim iarphaindéime go han-éifeachtach agus go pras. Léiríodh é sin in ardleibhéal | Ceapadh idirghabhálacha maoinithe go sainráite chun cuidiú le cuideachtaí na tionchair dhiúltacha a bhí ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a | Léirigh an dearadh foriomlán ardleibhéal comhleanúnachais le cuspóirí beartais thionscnamh REACT-EU, agus iarracht á déanamh | Léirigh na tuairimí a bailíodh trí agallaimh agus suirbhéanna díreacha gur chuir tacaíocht an Aontais dlús gan amhras le cur chun feidhme infheistíochtaí a bhí sainaitheanta cheana féin ag |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *oibríochtúil 2014-2020 'Fiontair agus Iomaíochas'*<br><br>*(CCI 2014IT16RFOP003)* | • ráta mór aistarraingtí agus tréigin na dtograí tionscadail faoin nglao 'Innealra Nuálach',<br>• líon mór tionscadal faoin nglao 'Infheistíocht Inbhuanaithe 4.0' gan mórán dul chun cinn fisiciúil agus airgeadais.<br><br>Léiríodh san anailís ar an dá ghlao ar thograí go raibh formhór na dtairbhithe beag, gníomhach i dtionscail an bhia agus an táirgthe agus go raibh siad comhchruinnithe go geografach in Campania agus sa Lombaird.<br><br>Maidir leis an aistriú glas, go pointe teoranta, bhí sé de chuspóir ag na hinfheistíochtaí próisis a iompú ina bpróiseas ciorclach. Cé gur minic a bhí tairbhí ag baint leis na tionscadail i dtéarmaí éifeachtúlacht acmhainní agus laghdú dramhaíola, bheartaigh níos lú ná leath de na tairbhithe faoin nglao 'Infheistíocht Inbhuanaithe 4.0' infheistíochtaí den sórt sin, a chumhdaigh suiteálacha fótavoltacha den chuid is mó. | rannpháirtíochta cuideachtaí sa dá ghlao ar thograí.<br><br>Ó bhí mhí Dheireadh Fómhair 2023 ann, rinneadh íocaíochtaí arbh é an méid é thart ar EUR 1,7 billiún, a bhí níos mó ná 80 % den imchlúdach buiséadach a cuireadh in áirithe.<br><br>Le húsáid na mbealaí tacaíochta a bhí ann cheana, ag tógáil ar leibhéal eolais na dtairbhithe ar nósanna imeachta a bhí ann cheana, éascaíodh cur i bhfeidhm tapa acmhainní. | shárú, agus téarnamh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an digitithe de á chur chun cinn go comhuaineach.<br><br>Iarradh sa mheastóireacht go spriocdhíreofaí níos fearr ar riachtanais shonracha cuideachtaí agus go ndéanfaí glaonna ar thograí amach anseo a oiriúnú.<br><br>Léirigh na roghanna a rinne an riarachán i dtéarmaí leithdháileadh acmhainní freisin an cuspóir maidir le hathchothromú críochach agus socheacnamaíoch a áirithiú. Léirítear é sin sa chomhchruinniú acmhainní do na hidirghabhálacha i réigiúin an deiscirt, chomh maith le sásraí luaíochta, i bhfoirm déine cabhrach níos airde ar bhonn críochach. | na trí phríomhchuspóir a chothromú go cothrom.<br><br>Leis an ngá le bearta éigeandála a chomhcheangal le cuspóirí níos struchtúrtha, agus le spriocdhátaí dochta maidir le cur chun feidhme, léiríodh roinnt contrárthachtaí sna socruithe cur chun feidhme.<br><br>Bhí an meascán beart comhsheasmhach go ginearálta le tionscnaimh eile arna maoiniú ag an réigiún, cé go raibh roinnt gnéithe forluiteacha ann, go háirithe le roinnt tionscnamh arna maoiniú ag cláir réigiúnacha nó le hacmhainní náisiúnta eile agus, i réimsí áirithe, leis an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta.<br><br>I gcomparáid le tionscnaimh eile arna gcistiú go náisiúnta, ní raibh aon fhorluí ann go ginearálta. | cuideachtaí mar infheistíochtaí straitéiseacha agus riachtanacha, rud a fhágann gur minic a chumasaítear tionscadail níos uaillmhianaí a mhaoiniú ná mar a bheadh indéanta murach sin in éagmais tacaíochta. |
| **an Laitvia**<br><br>*Meastóireacht ar chistiú REACT-EU faoi chlár oibríochtúil 2014-2020 'Fás agus Fostaíocht' sa Laitvia*<br><br>*(2014LV16MAOP001)* | Rinne REACT-EU tacaíocht do:<br><br>*Sláinte*: Bonneagar feabhsaithe na n-institiúidí leighis agus tionscadail taighde lenar soláthraíodh réitigh in aghaidh COVID-19.<br><br>*An tOideachas*: Digitiú córas oideachais, lenar cumhdaíodh 40 % d'institiúidí ardoideachais na Laitvia.<br><br>*Fostaíocht*: Cláir oiliúna spriocdhírithe a thacaigh le 26 235 duine.<br><br>*Tionscadail chultúrtha*: Tacaíocht do chostais chothabhála tráthrialta eagraíochtaí cultúrtha, agus do thionscadail nua chomh maith.<br><br>*Fiontraíocht*: Iasachtaí, deontais agus tacaíocht neamhairgeadais d'fhorbairt gnó chomh maith le hoiliúint chun feabhas a chur ar scileanna fostaithe agus ar ghníomhaíochtaí chun onnmhairí a chur chun cinn.<br><br>*Cuspóirí glasa*: Éifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh bonneagar bardasach agus chun foirgnimh ilteaghaise a atógáil chun timpeallacht maireachtála níos fearr a chruthú.<br><br>Meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach ag roinnt mhaith de na tionscadail a cuireadh chun feidhme. | Theastódh ó fheidhmeoirí tionscadal go ndéanfaí rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí a fhormheas níos tapúla agus go mbeadh níos mó ama acu lena gcur chun feidhme.<br><br>Bhí gníomhaíochtaí tógála i gceist le roinnt mhaith de na tionscadail a cuireadh chun feidhme. Mar thoradh ar COVID-19, pionóis, boilsciú agus suaitheadh sa slabhra soláthair, tháinig méadú mór ar phraghsanna tógála, rud a chiallaíonn go raibh ar fheidhmeoirí tionscadal athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail, lena n-áirítear a gcostais agus a spriocdhátaí.<br><br>Dóibh siúd a chuir tionscadail arna gcistiú ag an Aontas chun feidhme den chéad uair, amhail ionadaithe earnáil an chultúir, bhain dúshláin leis na tuarascálacha uile ba ghá a sholáthar, an gá le seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh agus a bheith ag oibriú le córas KPVIS. | - | Urramaíodh an tosaíocht chothrománach 'comhionannas deiseanna'. Rinneadh gníomhaíochtaí breise freisin i dtionscadail aonair chun inrochtaineacht a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas. Chuir oiliúint i dtimpeallacht dhigiteach comhlíonadh na bprionsabal sin chun cinn freisin agus sholáthair sí deiseanna le haghaidh rannpháirtíochtaí ó réigiúin níos iargúlta.<br><br>Leanadh an prionsabal cothrománach 'forbairt inbhuanaithe' trí phrionsabail soláthair 'ghlasa' a chur i bhfeidhm.<br><br>Bhí roinnt mhaith de na tionscadail a cuireadh chun feidhme, amhail cúrsaí oiliúna, digitiú na hoiliúna, taighde, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus tionscadal eile a fheabhsú, dírithe ar fhorbairt inbhuanaithe. | - |
| **an Pholainn** | Léirigh torthaí an tsuirbhé go raibh na gníomhaíochtaí an-éifeachtach.<br><br>*Bonneagar fuinnimh*: Ag cur feabhais ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair agus i | *Bonneagar fuinnimh*: Suíodh sa mheastóireacht go raibh gaol sásúil idir na costais a tabhaíodh agus na torthaí a baineadh amach. Bhain na príomhdhúshláin le buiséid agus sceidil | *Bonneagar fuinnimh*: Bhí tionchar diúltach ag an bpaindéim ar ghníomhaíochtaí de chuid thart ar dhá chúigiú na dtairbhithe, a d'úsáid | *Iompar ísealastaíochtaí*: Chomhlánaigh na gníomhaíochtaí gníomhaíochtaí a rinneadh roimhe sin sa réimse sin agus bhí siad mar chuid | PLN 8,2 billiún a bhí sa leithdháileadh iomlán don ionstraim.<br><br>Ba rud suntasach é go raibh ionstraimí REACT-EU le feiceáil tráth a raibh sciatha cistí rialtais agus AE |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *Meastóireacht ar chur chun feidhme ionstraim REACT-EU sa Pholainn, in 2014-2020*<br><br>*(2014PL05M9OP001; 2014PL16M1OP001; 2014PL16RFOP001; 2014PL16RFOP002; 2014PL16M2OP001 go 2014PL16M2OP016)* | bhfoirgnimh phoiblí, ag forbairt fuinneamh táirgeora is tomhaltóra, agus ag tógáil suiteálacha chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh. Leithdháileadh tacaíocht bhreise ar thionscadal tógála píblíne gáis.<br><br>*Cúram sláinte*: Infheistíocht bhonneagair in ospidéil agus i gclinicí chomh maith le cúnamh síceolaíochta agus forbairt inniúlachtaí gairmiúla.<br><br>*Iompar ísealastaíochtaí*: Rothstoc nua ísealastaíochtaí a cheannach; bonneagar iompair uirbigh a thógáil nó a nuachóiriú; Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe a fhorbairt. Meastar go ginearálta go mbíonn siad éifeachtach.<br><br>*Tacaíocht d'fhiontair*: Rannchuidigh REACT-EU le tionchar diúltach na paindéime ar fheidhmiú na ngnólachtaí a mhaolú.<br><br>*Claochlú digiteach*: Ríomhsheirbhísí a fhorbairt agus riarachán a dhigitiú, lenar maolaíodh tionchar na paindéime ar ghnólachtaí, go príomha trí chianobair agus digitiú bealaí díolacháin a chumasú.<br><br>*Dúshláin na himirce*: Mar gheall ar chineál an-éagsúlaithe na dtionscadal agus an easpa cur chuige comhleanúnach, ní féidir meastachán a dhéanamh ar thionchar comhchoiteann na dtionscadal ar staid na ndídeanaithe ón Úcráin. | tionscadal (moilleanna). Chomh maith leis sin, bhí an t-am idir an togra tionscadail a chur isteach agus an tionscadal a chur chun feidhme sách fada agus rinne tréimhse boilscithe ard difear dó.<br><br>*Cúram sláinte*: Tríd is tríd, d'éirigh go réidh le cur chun feidhme na hionstraime. Bhain easnamh le faireachán a dhéanamh ar thorthaí an réimse idirghabhála sláinte.<br><br>*Iompar ísealastaíochtaí*: Príomhchoinníoll chun tacaíocht a sholáthar ba ea go raibh na tionscadail in ainm a bheith ag céim níos airde chur chun feidhme cheana féin.<br><br>*Claochlú digiteach*: Ba iad na príomhdhúshláin brú ama a d'eascair as comhaontuithe cistiúcháin a bheith á síniú go déanach agus leibhéal éagsúil inniúlachta digití na dtairbhithe san earnáil phoiblí. D'ainneoin sin, cuireadh formhór na dtionscadal chun feidhme go rathúil.<br><br>*Dúshláin na himirce*: Sainaithníodh mar phríomhtheorainn easpa deiseanna chun cistí a leithdháileadh mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí i réimsí eile d'idirghabháil REACT-EU. Sainaithníodh scrogall idir an cinneadh REACT-EU a úsáid agus na faighteoirí deiridh an tacaíocht a fháil.<br><br>D'fhéadfaí nósanna imeachta a shimpliú ionas go bhféadfaí ionstraimí éigeandála a sheoladh níos tapúla amach anseo. | tacaíocht REACT-EU go príomha chun a gcostais oibriúcháin a laghdú.<br><br>*Cúram sláinte*: Dhearbhaigh tairbhithe go raibh tionchar mór ag an tacaíocht ar cháilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí cúraim sláinte a fheabhsú. Mheas formhór na dtairbhithe gur mhéadaigh sé an athléimneacht in aghaidh géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo.<br><br>*Iompar ísealastaíochtaí*: D'fhreagair tacaíocht do na dúshláin a sainaithníodh, amhail ról an iompair phoiblí a atógáil tar éis na paindéime, réitigh iompair iomchuí a áirithiú do chónaitheoirí agus tionchar diúltach an iompair ar an gcomhshaol a theorannú.<br><br>*Tacaíocht d'fhiontair*: Bhí scála na tacaíochta measartha beag i gcomparáid le hidirghabhálacha náisiúnta.<br><br>*Claochlú digiteach*: I gcás beagnach leath na dtairbhithe faoin gcuspóir sin, bhí gá le tacaíocht REACT-EU chun a bheith in ann an tionscadal a chur chun feidhme.<br><br>*Dúshláin na himirce*: Mar gheall ar an tréimhse cur chun feidhme dhéanach (i gcoibhneas le buaic na géarchéime imirce), seachas tacaíocht do dhídeanaithe, cuireadh béim ar athléimneacht a chothú i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. | de straitéisí níos leithne chun iompar uirbeach inbhuanaithe a fhorbairt.<br><br>*Claochlú digiteach*: Mhaígh gach dara tairbhí deontais agus gach tríú iasachtaí go raibh tionchar ag an tionscadal a cuireadh chun feidhme le tacaíocht REACT-EU ar staid reatha dhigitiú a bhfiontar.<br><br>Cuireadh prionsabal an neamh-idirdhealaithe chun feidhme le dhá raon feidhme: éighníomhach (ní raibh aon réiteach idirdhealaitheach ann) agus gníomhach (tionscadail a cruthaíodh chun chur ar a gcumas do ghrúpaí daoine a bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh orthu a bheith rannpháirteach go cothrom). | leithdháilte cheana féin agus nach raibh na cistí ó chlárthréimhse 2021-2027 ar fáil go fóill. |
| **an tSualainn**<br><br>*Meastóireacht ar bhearta arna gcistiú ag REACT-EU faoi chlár oibríochtúil 2014-2020 'Infheistíocht i bhfás agus i bpoist'*<br><br>*(2014SE05M9OP001)* | Laistigh de thionscadail fostaíochta réigiúnacha, meastar go raibh éifeacht ag rannpháirtíocht a chomhfhreagraíonn do dhóchúlacht 1 % níos airde go mbeifear ag obair tar éis a rannpháirtíochta. Bhí an dóchúlacht go gclárófaí mar dhaoine dífhostaithe 3 % níos airde i gcomparáid le grúpa cóimheasa. Ní bhfuarthas aon éifeacht ar rannpháirtíocht i staidéir ná ar leibhéil tuarastail.<br><br>Laistigh de na tionscadail forbartha inniúlachta agus de thionscadal Kickstart, ní bhfuarthas aon éifeacht a raibh suntasach ó thaobh staidrimh de. | Bhí costas rannpháirtíochta níos airde in aghaidh na huaire ag tionscadail réigiúnacha i gcomparáid le tionscadail CSE roimhe sin. Léiríodh sa mheastóireacht go bhféadfaí é sin a mhíniú go príomha le coinníollacha seachtracha amhail tréimhse ghearr ullmhúcháin agus deacrachtaí maidir le rannpháirtithe a earcú.<br><br>Bhí costas ard ar na tionscadail réigiúnacha freisin i ndáil leis an méadú ionchasach ar ioncam cánach mar thoradh ar rannpháirtíocht in oibríochtaí CSE.<br><br>Ba shaintréith de dhearadh REACT-EU ardleibhéal castachta agus éiginnteachta, a ndearnadh dea-bhainistiú air go ginearálta. Mar sin féin, chuir dearadh an chláir teorainn leis an bhféidearthacht gníomhú go héifeachtach i gcás géarchéime. | Bhí an cuspóir téamach an-ábhartha nuair a seoladh an tionscnamh. Mar sin féin, lagaíodh le himeacht ama ábharthacht na sprice rannchuidiú le leigheas díobhála géarchéime de réir mar a d'éirigh na riachtanais níos ísle ná mar a bhí coinne leis ar dtús.<br><br>Bhí tionchar áirithe ag an gcuspóir rannchuidiú le haistriú glas agus digiteach ar rialachas REACT-EU. Bhí an tionchar i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Aontais: Bhí sé beartaithe 25 % de chistiú iomlán REACT-EU rannchuidiú le cuspóirí aeráide.<br><br>Bhí tionchar lag ar rialachas REACT-EU ag an gcuspóir rannchuidiú le téarnamh athléimneach. Bhí cuspóirí | Roghnaigh rialtas na Sualainne dearcadh réasúnta oscailte agus leathan a ghlacadh i ndearadh REACT-EU.<br><br>Bhí tionchar aige sin, i measc nithe eile, ar na glaonna ar chistí le haghaidh na dtionscadal réigiúnach. I dteannta leis na creataí a bhunaigh an Coimisiún Eorpach cheana féin i dtéarmaí críochú spriocghrúpa, i measc nithe eile, bhí na glaonna ar thograí sách leathan. Níor ceanglaíodh leis na glaonna ach oiread go rannchuideodh na tionscadail leis an aistriú digiteach ná leis an aistriú glas, toisc nár roghnaigh rialtas na Sualainne an cuspóir sin a oibríochtú ach amháin sa ghlao ar thograí do Sheirbhísí Poiblí Fostaíochta na Sualainne. Ina ionad | Bhí breisluach ag baint le cistiú ón Aontas ar leibhéal eagrúcháin do Sheirbhísí Poiblí Fostaíochta na Sualainne. Chomh maith le slándáil airgeadais a sholáthar do Sheirbhísí Poiblí Fostaíochta na Sualainne le linn tréimhse éiginnte, tugadh deis don ghníomhaireacht modh a fhorbairt chun inniúlachtaí glasa agus digiteacha a shainmhíniú a bhí úsáideach d'obair na gníomhaireachta chun riachtanais maidir le soláthar scileanna san aistriú glas agus san aistriú digiteach a chomhlíonadh. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bhí leithdháileadh na gcistí éifeachtach go foriomlán. Mar sin féin, chuir an leithdháileadh ar thionscadail réigiúnacha bac ar éifeachtúlacht, i bhfianaise shainmhíniú an spriocghrúpa agus fhorbairt na dífhostaíochta.<br>Bhí dúshláin tosaigh ag baint le cur chun feidhme REACT-EU ag Comhairle CSE. Go foriomlán, áfach, d'éirigh leis an tionscnamh a bhainistiú go maith agus rinne sé bainistiú éifeachtach ar an tionscnamh i bhfianaise na ndálaí a bhí ann. | oibríochtúla in easnamh, agus ní raibh an cuspóir dírithe ar an ullmhúchán ná ar an obair leantach. | sin, luadh sna glaonna an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach mar shampla de ghníomhaíochtaí a bhféadfadh tionscadail spriocdhíriú orthu (ach nár ghá dóibh spriocdhíriú orthu). | |

# Iarscríbhinn II: Modheolaíocht agus Sonraí breise

## Modheolaíocht

Bhí an mheastóireacht ag brath ar thrí phríomhfhoinse taighde deisce:

- sonraí cur chun feidhme arna dtuairisciú ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún trí SFC2014;
- staidéir don mheastóireacht *ex post* ar CSE agus ar CFRE;
- meastóireachtaí náisiúnta.

Go háirithe, bhain an mheastóireacht úsáid as sonraí in SFC2014 chun an staidreamh a sholáthar maidir leis an líon laethanta is gá chun cláir a leasú agus maidir le maoiniú. Bhí formhór na ráiteas maidir le hábharthacht agus éifeachtaí, chomh maith le breisluach REACT-EU, bunaithe ar thorthaí na staidéar a rinneadh le haghaidh mheastóireacht *ex post* CFRE agus CSE. Maidir leis an gcéad cheann, pacáiste oibre sonrach atá dírithe ar REACT-EU; maidir leis an dara ceann, áiríodh sa staidéar cás-staidéar tiomnaithe nár chumhdaigh REACT-EU amháin. Bhí cás-staidéar ar an tionscnamh maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) sa staidéar ar mheastóireacht *ex post* CSE freisin: bhí an chuid is mó de na torthaí a bhain le tacaíocht CSE do dhaoine a bhí ag teitheadh ón bhfogha míleata san Úcráin bunaithe ar an obair sin. I gcás CFRE, cumhdaíodh CARE agus REACT-EU araon sa chás-staidéar tiomnaithe ar ghéarchéim na ndídeanaithe. (Maidir le CARE, b'fhoinse bhreise í an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an tionscnamh.) Ar deireadh, baineadh úsáid as samplaí ó mheastóireachtaí náisiúnta go léiritheach. Tá achoimrí ar na meastóireachtaí uile le fáil i Leabharlann Mheastóireachta AS REGIO.

Leis na hathruithe rialála a rinneadh le déanaí, cuireadh dúnadh an chláir siar go dtí mí Feabhra 2026. Mar thoradh air sin, ní rabhthas in ann ach sonraí maidir le baint amach táscaire dheireadh 2022 a chur san áireamh san anailís. Níor cumhdaíodh leis sin ach 2 bhliain as na 3 bliana cur chun feidhme ábhartha agus cuireadh teorainn leis an measúnú ar éifeachtacht. Ní raibh na sonraí ar an leibhéal oibríochta ná ar na tairbhithe caighdeánaithe go leordhóthanach; d'fhág an infhaighteacht mhíchothrom micreashonraí sin nárbh fhéidir anailís chúisíoch chainníochtúil láidir a dhéanamh ar éifeachtacht.

## Sonraí breise

**Luachanna airmheánacha na n-oibríochtaí in aghaidh an Bhallstáit**

| Tír | Fad airmheánach (laethanta) | Dáta tosaigh airmheánach | Costas airmheánach (EUR) |
|---|---|---|---|
| an Ostair | 596 | an 12 Bealtaine 2021 | 894 955 |
| an Bhulgáir | 303 | an 16 Meán Fómhair 2022 | 116 790 |
| an Chróit | 669 | an 30 Meán Fómhair 2021 | 824 574 |
| an Chipir | 1429 | an 1 Feabhra 2020 | 70 000 000 |
| an tSeicia | 526 | an 20 Meán Fómhair 2021 | 102002 |
| an Eastóin | 526 | an 10 Eanáir 2022 | 100 000 |
| an Fhrainc | 729 | an 1 Eanáir 2021 | 297 975 |
| an Ghearmáin | 288.5 | an 18 Nollaig 2022 | 50 050 |
| an Ghréig | 639 | an 1 Aibreán 2020 | 204 233 |
| an Iodáil | 366 | an 27 Eanáir 2022 | 65 663 |
| Lucsamburg | 1429 | an 1 Feabhra 2020 | 34 718 690 |
| an Pholainn | 364 | an 1 Iúil 2022 | 77 318 |
| an Phortaingéil | 180 | an 28 Eanáir 2021 | 5 411 |
| an tSlóvaic | 244 | an 1 Feabhra 2023 | 165 579 |
| an tSlóivéin | 821 | an 1 Nollaig 2020 | 166 667 |
| an Spáinn | 326 | an 9 Feabhra 2021 | 2 500 |

*Tabhair faoi deara: Níl sonraí ar leibhéal oibríochta ar fáil ach amháin do na tíortha thuasluaite, a bhfuil 93 % de leithdháiltí REACT-EU acu le chéile. Léirítear leis na luachanna airmheán na n-oibríochtaí uile a tuairiscíodh laistigh den tír faoi seach.*

**Buiséad iomlán REACT-EU de réir tíre**




*Foinse: an Coimisiún Eorpach*

Léirítear sa tábla thíos rogha táscairí atá ábhartha do chuspóirí REACT-EU, chomh maith le táscairí a bhaineann go sonrach le COVID. Léiríonn na luachanna a chuirtear i láthair staid na himeartha ó dheireadh 2022[1], na sonraí is déanaí a bhí ar fáil tráth scríofa na hIarscríbhinne seo. Meastar, dá bhrí sin, go mbeidh na luachanna sin níos airde ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme in 2023, agus go mbeidh siad níos gaire do na spriocanna a socraíodh don dáta sin[2].

**Comhcheangal idir cuspóirí REACT-EU agus táscairí coiteanna roghnaithe agus táscairí a bhaineann go sonrach le COVID[3]**

| Táscairí CFRE | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuspóir** | **Táscaire** | **Luach arna bhaint amach faoi dheireadh 2022** | **Ráta cinntithe / ráta cur chun feidhme faoi dheireadh 2022[4]** |
| Tacaíocht fiontair (caipiteal oibre le haghaidh FBManna agus obair ghearr-ama) | Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht (CO01) | 354 000 fiontar | 90 % cinntithe<br>77 % curtha chun feidhme |
| | Líon na bhfiontar a fhaigheann deontais (CO02) | 66 000 fiontar | 69 % cinntithe<br>53 % curtha chun feidhme |
| | An líon fiontar a fhaigheann tacaíocht airgeadais seachas deontais (CO03) | 50 000 fiontar | 70 % cinntithe<br>61 % curtha chun feidhme |
| | Infheistíocht phríobháideach lena meaitseáiltear tacaíocht phoiblí d'fhiontair – deontais (CO06) | EUR 114 000 000 | 130 % cinntithe<br>11 % curtha chun feidhme |

1 Tabhair faoi deara go raibh níos lú ná 2 bhliain caite faoi dheireadh 2022 ó glacadh REACT-EU an 23 Nollaig 2020.
2 Le linn na timpeallachta éiginnte ina raibh géarchéimeanna ag titim amach, bhí roinnt deacrachtaí ann maidir le spriocanna a shocrú. Scrúdaítear é sin ar bhealach níos mionsonraithe sa mheastóireacht *ex post* ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe i gclárthréimhse 2014-2020.
3 Cuireadh táscairí a d'úsáid níos lú ná 15 % de na cláir as an áireamh mar gheall ar easpa inchomparáideachta.
4 Cóimheas na luachanna a cinneadh agus a cuireadh chun feidhme le spriocanna. Tabhair faoi deara go raibh na luachanna le baint amach 100 % faoi dheireadh 2023.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cúram sláinte | Daonra atá cuimsithe ag seirbhísí sláinte feabhsaithe (CO35) | 195 000 duine | 96 % cinntithe<br>39 % curtha chun feidhme |
| Infheistíocht i seirbhísí fostaíochta, oideachais agus sóisialta | Acmhainneacht an bhonneagair cúraim leanaí nó oideachais dár dtugadh tacaíocht (CO36) | 8 000 000 duine | 212 % cinntithe<br>29 % curtha chun feidhme |
| Infheistíochtaí a rannchuidíonn leis an aistriú i dtreo geilleagar glas agus digiteach | Laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil bliantúil i bhfoirgnimh phoiblí (CO32) | 33 000 000 kWh in aghaidh na bliana | 29 % cinntithe<br>14 % curtha chun feidhme |
| | Laghdú bliantúil measta GCT (CO34) | 38 000 tona de choibhéis $CO_2$ | 53 % cinntithe<br>4 % curtha chun feidhme |
| **Táscairí sonracha COVID-19** | | | |
| Tacaíocht fiontair (caipiteal oibre le haghaidh FBManna agus obair ghearr-ama) | An líon FBManna a fuair tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha do chaipiteal oibre (deontais) mar fhreagairt ar COVID-19 (CV22) | 113 000 fiontar | 91 % cinntithe<br>68 % curtha chun feidhme |
| | An líon FBManna dár dtugadh tacaíocht le caipiteal oibre seachas deontais (ionstraimí airgeadais) mar fhreagairt ar COVID-19 (CV23) | 46 000 fiontar | 92 % cinntithe<br>56 % curtha chun feidhme |
| Cúram sláinte | Luach an trealaimh cosanta phearsanta a ceannaíodh (CV1) | EUR 52 000 000 | 124 % cinntithe<br>13 % curtha chun feidhme |
| | Daoine atá vacsaínithe in aghaidh COVID-19 (CV64) | 49 000 000 duine | 113 % cinntithe<br>102 % curtha chun feidhme |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Infheistíocht i seirbhísí fostaíochta, oideachais agus sóisialta | Luach TF a bhaineann le COVID-19 don oideachas (CV4c) | EUR 179 000 000 | 91 % cinntithe<br>37 % curtha chun feidhme |
| **Táscairí CSE** | | | |
| **Cuspóir** | **Táscaire**[5] | **An luach a baineadh amach** | **Ráta rannpháirtíochta / Ráta ratha**[6] |
| Tacaíocht fiontair (caipiteal oibre le haghaidh FBManna agus obair ghearr-ama) | Daoine dífhostaithe, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (CO01) | 453 000 duine | 20,6 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (CO02) | 184 000 duine | 8,4 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Neamhghníomhach (CO03) | 672 000 duine | 30,5 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe (CO05) | 1 000 000 duine | 49,0 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Daoine eile faoi mhíbhuntáiste (CO17) | 119 000 duine | 5,4 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Rannpháirtithe neamhghníomhacha atá ag cuardach poist ar fhágáil na hoibríochta dár dtugadh tacaíocht (CR01) | 70 000 duine | 10,5 % de rannpháirtithe neamhghníomhacha |
| | Rannpháirtithe i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht, ar fhágáil na hoibríochta dá dtugadh tacaíocht (CR04) | 257 000 duine | 11,7 % d'iomlán na rannpháirtithe |

5 Leis na táscairí sin tomhaistear an líon iomlán taifead rannpháirtíochta. Go teoiriciúil, d'fhéadfadh duine amháin a bheith rannpháirteach níos mó ná uair amháin in oibríochtaí arna gcistiú ag CSE, ach ós rud é go bhfuil líon beag cásanna den sórt sin ann sa chleachtas, úsáidtear rannpháirtíochtaí, rannpháirtithe agus daoine go hidirmhalartach.

6 I gcás táscairí coitianta aschuir, tomhaiseann an ráta rannpháirtíochta an sciar de rannpháirtíochtaí iomlána REACT-EU arna chistiú ag CSE. I gcás táscairí toraidh, tomhaistear leis an ráta ratha sciar na dtorthaí deimhneacha i measc phobal na rannpháirtithe ábhartha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Infheistíocht i seirbhísí fostaíochta, oideachais agus sóisialta | Daoine dífhostaithe, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (CO01) | 453 000 duine | 20,6 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (CO02) | 184 000 duine | 8,4 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Neamhghníomhach (CO03) | 672 000 duine | 30,5 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Neamhghníomhach, nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna (CO04) | 142 000 duine | 6,4 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe (CO05) | 1 000 000 duine | 49 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Faoi bhun 25 bliain d'aois (CO06) | 678 000 duine | 30,8 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Os cionn 54 bliain d'aois (CO07) | 294 000 duine | 13,3 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Os cionn 54 bliain d'aois atá dífhostaithe, lena n-áirítear dífhostaithe go fadtéarmach, nó neamhghníomhach nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna (CO08) | 112 000 duine | 5,1 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Imircigh, rannpháirtithe de chúlra eachtrach, mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh) (CO15) | 370 000 duine | 16,8 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Rannpháirtithe faoi mhíchumas (CO16) | 158 000 duine | 7,2 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Rannpháirtithe eile faoi mhíbhuntáiste (CO17) | 119 000 duine | 5,4 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Rannpháirtithe neamhghníomhacha atá ag cuardach poist ar fhágáil na hoibríochta dár dtugadh tacaíocht (CR01) | 70 000 duine | 10,5 % de rannpháirtithe neamhghníomhacha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Rannpháirtithe san oideachas/oiliúint ar fhágáil na hoibríochta dár dtugadh tacaíocht (CR02) | 63 000 duine | 2,9 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Rannpháirtithe a bhfuil cáilíocht á baint amach acu ar fhágáil na hoibríochta dár dtugadh tacaíocht (CR03) | 244 000 duine | 11,1 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| | Rannpháirtithe i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht, ar fhágáil na hoibríochta dár dtugadh tacaíocht (CR04) | 257 000 duine | 11,7 % d'iomlán na rannpháirtithe |
| **Táscairí sonracha COVID-19** | | | |
| Tacaíocht fiontair (caipiteal oibre le haghaidh FBManna agus obair ghearr-ama) | Luach ghníomhaíochtaí CSE chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a chomhrac nó chun gníomhú ina gcoinne (CV30) | EUR 5 920 000 000 | Neamhbhainteach |
| | Rannpháirtithe dár tugadh tacaíocht chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a chomhrac nó gníomhú ina gcoinne (CV31) | 5 730 000 duine | Neamhbhainteach |
| Cúram sláinte | Pearsanra cúraim sláinte a bhain tairbhe as tacaíocht CSE (CVHC) | 68 000 duine | Neamhbhainteach |
| Infheistíocht i seirbhísí fostaíochta, oideachais agus sóisialta | Rannpháirtithe a bhain tairbhe as socruithe oibre gearr-ama (CVST) | 1 314 000 duine | Neamhbhainteach |
| | Rannpháirtithe ag coinneáil a bpost ar bun 6 mhí tar éis dheireadh na tacaíochta (CVR1) | 888 000 duine | Neamhbhainteach |

*Foinse: an Coimisiún Eorpach.*